Filíocht Ainmnithe

Faoiseamh a Gheobhadsa.

Freagair (i) **agus** (ii) thíos.

(i) ‘‘Is maith mar a léiríonn an file Máirtín Ó Direáin an tóir a bhí aige ar a oileán dúchais féin sa dán, **Faoiseamh a Gheobhadsa**’’. É sin a phlé.

(ii) Maidir leis an dán, Faoiseamh a Gheobhadsa*,* déan trácht **gairid** ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file, dar leat, as do rogha **dhá cheann** de na teicníochtaí filíochta seo a leanas:
friotal; atmaisféar; codarsnacht ; mothúcháin.

Freagra Samplach

(i)

Bhí an-tóir ag Máirtín Ó Direáin ar a oileán dúchais agus ní dóigh liom go raibh luí ar bith aige le saol na cathrach. Rugadh an Direánach ar Inis Mór, Oileáin Árann, sa bhliain 1910. Fuair sé post in Ardoifig an Phoist i gCathair na Gaillimhe sa bhliain 1928. D’oibrigh sé ansin go dtí 1937 ach chuaigh sé ag obair i mBaile Átha Cliath ina dhiaidh sin.

Is maith mar a léiríonn an file na difríochtaí a bhraith se idir an dá shaol: saol oileáin agus saol cathrach. Feicimid an tóir a bhí aige ar a oileán dúchais mar teastaíonn uaidh dul siar abhaile. Gheobhaidh sé faoiseamh ar feadh tamall bhig i measc a mhuintire féin ar Inis Mór. Tá grá an fhile dá mhuintir agus don dúlra léirithe go soiléir sa chéad véarsa. Siúlfaidh sé cois dúirlinge ar maidin agus arís trathnóna ó Luan go Satharn. Sea, beidh síocháin is suaimhneas le fáil aige thiar ar Inis Mór.

Nochtann an Direánach a mhothúcháin i leith saol na cathrach sa dara véarsa. Samhlaíonn sé briseadh croí; imní intinne; uaigneas gruama agus caint ghéar neamhchairdiúil le saol Bhaile Átha Cliath. Léirítear tóir Mháirtín ar a oileán dúchais anseo arís mar tá sé ag rá go bhfaighidh sé faoiseamh ón saol crua mídhaonna sin nuair a rachaidh sé siar abhaile go dtí a oileán mara amach ó chósta Chonamara.

(ii) **Friotal:** Baineann an file úsáid éifeachtach as friotal lom gonta sa dán seo. Caint na ndaoine atá in úsáid ag Máirtín. Luann sé muintir an oileáin; an t-oileán farraige agus an cladach sa chéad véarsa. Nochtann sé a mhothúcháin sa dara véarsa. Seo iad na mothúcháin dhaonna a bhraitheann sé agus é i mBaile Átha Cliath. Bíonn a chroí cráite céasta agus a intinn buartha trína chéile. Aisteach go leor cé go mbíonn sráideanna na cathrach plódaithe le daoine agus le trácht, mothaíonn Máirtín uaigneas dorcha gruama ina lár agus é sa phríomhchathair. Ní caint chairdiúil a chloiseann sé ach caint ghéar. Is dán gonta é seo ach éirionn leis an bhfile a smaointe a chur in iúl go héifeachtach. Éiríonn leis freisin a chuid smaointe a chur in iúl i mbeagán focal.

Codarsnacht: Tá úsáid na codarsnachta an-éifeachtach go deo. Braithimid atmaisféar ciúin síochánta an oileáin i gcodarsnacht le hatmaisféar fuar duairc mídhaonna na cathrach. Éiríonn go maith leis an bhfile na difríochtaí móra idir Inis Mór agus Baile Átha Cliath a chur inár láthair trí úsáid seo na codarsnachta. Sea, tá codarsnacht mhór le feiceáil againn idir an chéad agus an dara véarsa.